

Ráiteas Straitéise 2024–2028



AN INSTITIÚID
UM THAIGHDE
EACNAMAÍOCHTA
AGUS SÓISIALTA

ECONOMIC & SOCIAL
RESEARCH INSTITUTE

Beartas eolasach
d'Éirinn níos fearr





Clár na nÁbhar

Brollach.....	2
1. Réamhrá.....	4
2. Na láidreachtaí.....	6
3. Na dúshláin.....	9
4. An comhthéacs seachtrach agus ár gclár oibre taighde.....	11
5. Fís, misean, spriocanna agus luachanna.....	14
6. Ár n-uaimhian maidir le soláthar ar son na tíre.....	16
7. Conclúid.....	20



Brollach

Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) bródúil as an ról atá aici i saol na hÉireann ó bunaíodh í i 1960. Trí thaighde na hInstitiúide, tá ár n-eolas agus ár dtuiscint ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann méadaithe go mór, agus tugadh cúnamh as cuimse do lucht déanta beartas.

Is é cuspóir an doiciméid seo a leagan amach conas a leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag comhlíonadh a mhisean thar na cúig bliana atá romhainn agus conas a dhéanfaimid ár ndícheall é sin a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Sna leathanaigh a leanas, déanaimid machnamh ar staid reatha na hInstitiúide agus breithnímid ar an gcomhthéacs éabhlóideach náisiúnta agus idirnáisiúnta ina dtugann an Institiúid faoina cuid oibre. I gcomhthéacs an chúla sin, leanaimid ar aghaidh le fíis, misean, spriocanna agus luachanna na hInstitiúide a shonrú agus leagtar amach conas a chuirfimid lenár n-iarrachtaí chun fianaise a sholáthar do cheapadh beartais agus díospóireacht phoiblí.

Tá an straitéis á scríobh tráth a bhfuil ag éirí go han-mhaith le hÉirinn thar go leor táscairí. Tá an fás eacnamaíoch láidir, arna thomhas de réir ollioncam náisiúnta, agus tháinig an geilleagar aniar tar éis COVID-19 i bhfad níos fearr ná mar a raibh coinne leis go ginearálta. Tá an ráta dífhostaíochta ag ráta níos ísle ná riamh, agus tá airgeadas poiblí i mbarrachas. Tá boilsciú i bhfad os cionn sprioc-ráta an BCE áfach, agus tá rátaí úis á n-ardú in iarracht chun srian a chur ar bhrú boilscitheach.

Taobh amuigh de tháscairí eacnamaíoch, tá roinnt dúshlán os comhair na hÉireann. Níl ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ar chonair atá ag teacht le spriocanna 2030. Tá an soláthar tithíochta i bhfad faoi bhun an éilimh, agus tá ganntanas tromchúiseach ann dá bharr. Leanann neamhionannais thar go leor réimsí, mar is léir, mar shampla, ó bhearnaí pá inscne, éagthroime in ioncain mhargaidh agus difríochtaí socheacnamaíoch i rochtain ar ardoideachas.

Ag glacadh le dearcadh níos leithne agus níos domhanda, tá go leor fachtóirí athraitheacha a mbeidh tionchar acu ar an saol in Éirinn. Is dócha go dtiocfaidh dlús leis an athrú teicneolaíochta, go háirithe maidir le hintleacht shaorga (IS), agus is deacair a iarmhairtí a réamh-mheas. Is cosúil go leanfaidh an t-athrú aeráide ar aghaidh freisin, fiú má bhaintear amach na laghduithe ar ghás ceaptha teasa. Réimse eile ina bhfuil éagobhsaíocht

shuntasach is ea an gheopholaitíocht, mar is léir, mar shampla, ó ionradh na Rúise ar an Úcráin.

I bhfianaise na ndúshlán seo agus eile, is léir go bhfuil gá i gcónaí le bonn láidir fianaise chun beartas a threorú. Ní bheimid ábalta aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ár linne, ná coinne a bheith againn leo, ach amháin trína chinntiú ar dtús go bhfuil tuiscint shoiléir againn ar na fadhbanna sin agus ar na próisis is bun leo.

Trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa straitéis seo, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag cur taighde ar ardchaighdeán ar fáil chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais in Éirinn. Tar éis athbhreithniú piaraí ardleibhéil a dhéanamh ar an Institiúid in 2022, bhaineamar leas as an léargas a thug grúpa mór páirtithe leasmhara seachtracha ar cuireadh agallamh orthu tríd an bpróiseas sin. D'iarramar tuairimí ó gach ball foirne freisin. Tá plé déanta ag Comhairle na hInstitiúide ar an straitéis ag cruinnithe na Comhairle agus trína Coiste Gnó agus Oibríochtaí.

Tá an Chomhairle ag tnúth le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn cinn straitéis sna cúig bliana amach romhainn. Is eol dúinn go mór scileanna, inniúlachtaí agus tiomantas fhoireann ESRI, agus mar sin tá an Chomhairle muiníneach go n-éireoidh linn na spriocanna atá leagtha amach thíos a bhaint amach.

Sean O'Driscoll, Cathaoirleach
Alan Barrett, Stiúrtóir



Réamhrá

Rinne grúpa acadóirí sinsearacha agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí ESRI a bhunú i 1960, faoi stiúir an Dr. T.K. Whitaker, a d'aithin an gá le taighde neamhspleách chun tacú le ceapadh beartais in Éirinn. Breis is seasca bliain ina dhiaidh sin, aithnítear go forleathan tábhacht na hInstitiúide ó thaobh taighde údarásach a dhéanamh chun eolas a sholáthar le haghaidh beartas poiblí.

Tacaíonn deontas-i-gcabhair bliantúil ón Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an ról seo ar son mhaitheas an phobail. B'ionann an deontas agus thart ar 25-30 faoin gcéad d'ioncam na hInstitiúide thar shaolré na straitéise deiridh. Tagann formhór na coda is mó den airgead a theastaíonn chun taighde na hInstitiúide a choinneáil ar bun ó chláir thaighde i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus ranna rialtais, tionscadail taighde arna gcoimisiúnú go príomha ag comhlachtaí poiblí agus deontais taighde iomaíocha. Tá méadú tagtha ar líon na síntiús ballraíochta agus pátrúnachta le blianta beaga anuas tar éis athsheoladh an chláir bhallaíochta in 2021.

Mar is amhlaidh i gcás gach eagraíochta, feidhmíonn an Institiúid i dtimpeallacht ina bhfuil athruithe leanúnacha. Mar sin, is gá athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar ár ról agus ar an gcaoi a ndéanaimid an ról sin a chomhlíonadh. Sa doiciméad seo, cuirimid ár straitéis is déanaí i láthair, a leagann amach na gníomhaíochta straitéiseacha a ghlacfar sna blianta atá le teacht ionas go leanfaidh an Institiúid ag cur taighde údarásach ar fáil chun eolas a sholáthar le haghaidh beartas poiblí.

Tá an straitéis struchtúrtha mar seo a leanas. I gCodanna 2 agus 3, déanaimid machnamh ar láidreachtaí na hInstitiúide agus ar na dúshláin atá romhainn agus muid ag druidim le deireadh timthriall straitéise amháin agus ag tnúth leis an gcéad cheann eile. Eascraíonn go leor den smaointeoireacht sna hailt as an bpróiseas athbhreithnithe piaraí go déanach in 2022 agus an plé a rinne an fhoireann agus an chomhairle mar fhreagra ar an Tuarascáil ar an Athbhreithniú Piaraí. I gCuid 4, athraíonn ár ndearcadh, agus déanaimid measúnú ar na comhthéacsanna socheacnamaíocha agus eile lena gcinnfear clár oibre taighde na hInstitiúide sna blianta amach romhainn.



Sa doiciméad seo, cuirimid ár straitéis is déanaí i láthair, a leagann amach na gníomhaíochta straitéiseacha a ghlacfar sna blianta atá le teacht ionas go leanfaidh an Institiúid ag cur taighde údarásach ar fáil chun eolas a sholáthar le haghaidh beartas poiblí.

I gCuid 5 dírimid ar ghnéithe lárnacha na straitéise. Leagaimid amach ár bhfís, ár misean, ár spriocanna agus ár luachanna, agus gach ceann acu leasaithe ónár straitéis níos luaithe. I gCuid 6, sonraímid na gníomhaíochtaí straitéiseacha a dhéanfar sna blianta go dtí 2028. I gCuid 7 críochnaímid le barúlacha faoin maoirseacht ar an straitéis agus ar shaincheisteanna rialachais níos leithne.



Na Láidreachtaí

Bhí go leor spriocanna agus gníomhaíochtaí san áireamh i Straitéis 2018–2023, agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leo sin go léir. Ach, agus muid ag breathnú siar ar an tréimhse sin, seasann géarchéim COVID-19 amach mar an rud ba shuntasáí.

Cosúil le gach eagraíocht, chuir an phaindéim agus na tionchair agus na hoiriúnuithe a bhí i gceist léi dúshlán ollmhóra romhainn. Ar go leor bealaí, áfach, léirigh géarchéim COVID-19 láidreachtaí na hInstitiúide agus an ról tábhachtach atá aici i bpróisis bheartais phoiblí na hÉireann. Pléifimid na láidreachtaí seo thíos, ach ar dtús seo sliocht ón Tuarascáil ar an Athbhreithniú Piaráí (2022):



Is branda an-láidir é ESRI in Éirinn a bhfuil meas air, bunaithe ar dhearcadh an-dearfach i ndáil le cáilíocht agus neamhspleáchas a aschuir taighde. Léitear go forleathan a mór-aschuir – an QEC, tuarascálacha taighde, páipéir oibre, agus ailt irisleabhair – agus cuireann beagnach gach páirtí leasmhar leibhéal ard muiníne i gcríochnúlacht, gairmiúlacht agus neamhspleáchas an tsaothair sin.

Mar a luadh thuas, bhí comhairliúchán forleathan lenár bpáirtithe leasmhara i gceist leis an gcleachtadh athbhreithnithe piaráí, agus tá an sliocht thuas bunaithe ar na tuairimí a cuireadh in iúl. Ag féachaint ar chuid de na heochairfhocail – ‘meas’, ‘cáilíocht’, ‘neamhspleáchas’, ‘muinín’, ‘críochnúlacht’, ‘gairmiúlacht’ – is léir go bhfuil ardmheas ar an Institiúid. Measaimid go bhfuil go leor factóirí ina gcúis leis sin agus liostaímid cuid acu thíos.

- ▶ Tá foireann na hInstitiúide ard-oilte, gairmiúil agus tiomanta. Aithnítear go leor dár gcomhghleacaithe taighde go hidirnáisiúnta as a gcuid saineolais agus sármhaitheasa, mar is léir, i bpáirt, óna bhfoilseacháin in irisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe. Tacaíonn foireann chomh tiomanta céanna, in Acmhainní Corparáideacha, leis na taighdeoirí.
- ▶ Le blianta beaga anuas, tá an leibhéal airde aschuir taighde a bhaineann le beartas bainte amach ag an Institiúid, agus scaipeadh é sin go gníomhach trí, mar shampla, cur i láthair ag comhdhálacha agus ceardlanna agus trí na meáin chlóite agus chraolta.
- ▶ D’aithin ECFE le déanaí an tionchar dearfach atá ag taighde na hInstitiúide ar an bpróiseas ceaptha beartais. Ina thuarascáil ó 2023 *Strengthening Policy Development in the Public Sector in Ireland*, tugann na húdair faoi deara gur ‘shampla luachmhar de chomhoibriú fadtéarmach beartais idir an saol acadúil agus an státseirbhís iad na clár taighde dhéthaobhacha a comhaontaíodh idir an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais aonair’.

- ▶ Leanann an Institiúid uirthi ag cothabháil agus ag forbairt samhlacha anailíse a mbaineann tábhacht náisiúnta leo. Áirítear orthu sin COSMO (maicreacnamaíocht), SWITCH (cáin-sochar), I3E (geilleagar aeráide) agus Hippocrates (cúram sláinte). Is príomhphíosaí de bhonneagar náisiúnta taighde na hÉireann iad na samhlacha seo agus is féidir iniúchadh a dhéanamh ar na príomhcheisteanna anailíse ar bhonn leanúnach mar thoradh.
- ▶ Deich mbliana ó shin, ghlac an Institiúid roinnt céimeanna tosaigh chun eolaíocht iompraíochta a chur lenár gclár taighde. Feicimid anois go bhfuil an Institiúid ar an bpríomhionad do thaighde feidhmeach iompraíochta in Éirinn, bunaithe go páirteach ar an ról a ghlac an tAonad um Thaighde Iompraíochta agus iad ag obair leis an Roinn Sláinte agus Roinn na Taoisigh le linn na paindéime.
- ▶ Ag tús na géarchéime COVID-19 agus le linn na tréimhse sin, léirigh foireann na hInstitiúide cumas chun saineolas taighde a spreagadh agus a imscaradh ar ábhar nua thar oíche. Go luath sa phaindéim, sholáthair ár bhfoireann maicreacnamaíoch meastacháin ar an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag dúnadh gnó ar scála mór. Ar an gcaoi chéanna, scríobh ár bhfoireann iompraíochta faoin mbealach is fearr chun teachtaireachtaí sláinte poiblí a chur in iúl, ar nós lámha a ní agus scaradh sóisialta. Ar aon dul leis sin, bhí ionadaíocht ag ár bhfoireann sláinte ar Ghrúpa Comhairleach um Shamhaltú Eipidéimeolaíoch na hÉireann agus chuireamar ár saineolas agus á n-acmhainn samhaltaithe ar fáil don ghrúpa sin. D'oibrigh ár bhfoireann cánach agus leasa leis na ranna ábhartha chun tacaíochtaí leasa paindéime a cheapadh.

- ▶ Agus a ról maidir le fianaise a sholáthar d'fhoirmiú beartais á aithint aici, leanann an Institiúid de chlár oibre taighde leathnaithe a choinneáil ar bun, agus go leor de na dúshláin atá os comhair na tíre á gcur san áireamh aici. Cé go bhféadfadh fonn a bheith ann comhdhlúthú a dhéanamh agus díriú ar théamaí taighde reatha, léirigh an méadú a tháinig ar ár gcuid oibre ar Thuaisceart Éireann agus ar an ngeilleagar uile-oileáin le linn thréimhse straitéis 2018–2023 go raibh sé de chumas againn aschuir taighde a leathnú chun freastal ar riachtanais bheartais.

Ag féachaint ar ghnéithe níos inmheánaí na hInstitiúide, is cúis misnigh é a thuairisciú go bhfuil maoiniú na hInstitiúide níos cobhsaí anois, i gcomparáid le 2017/18 nuair a bhí an straitéis roimhe seo á forbairt. Tá dhá phríomhchúis leis sin. Ar an gcéad dul síos, tá bonn níos leithne de chlár taighde ilbhiantúla ag an Institiúid, agus líon níos mó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ag tabhairt maoiniú dár gcuid oibre. Ar an dara dul síos, chuireamar tús lenár gclár ballraíochta corparáidí a athsheoladh in 2021, agus d'éirigh go han-mhaith leis sin.

Agus an tábhacht a bhaineann le comhionannas inscne, cuimsiú agus éagsúlacht á haithint, tá leibhéal ard comhionannais inscne ag an Institiúid i dtéarmaí ár bhfoirne sinsearachacha agus ár gComhairle agus tá Plean um Chomhionannas Inscne (PCI) i bhfeidhm chun an staid dhearfach sin a choinneáil agus a fheabhsú. Ceapadh an plean um chomhionannas inscne in 2022 agus tá sé ar cheann de na príomhchéarta rialachais inmheánaigh sa tréimhse straitéise 2018–2023.

Tá go leor de láidreachtaí ESRI liostaithe againn thuas, ach ar go leor bealaí tagann na láidreachtaí sin go léir ón bhfoinse chéanna: foireann ardcháilithe, ardspreagtha na hInstitiúide ar taighdeoirí den scoth agus cumarsáidí den scoth iad, atá fíor-fhiontraíoch, agus a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann riaracháin an-ghairmiúil freisin. Is bua iontach don stát iad foireann na hInstitiúide agus léirigh siad a luach ar bhonn leanúnach.



Na Dúshláin

Agus muid ag smaoineamh ar na dúshláin atá os comhair na hInstitiúide, chuireamar an cheist seo a leanas orainn féin: 'Cad atá ina bagairt ar ár gcumas taighde ardchaighdeáin a sholáthar ar na saincheistanna is tábhachtaí in Éirinn?' Ar an gcaoi sin, ní ábhar imní inmheánach amháin iad ár ndúshláin. Ina áit sin, dírimid ar an ról dearfach atá againn don stát agus dá shaoránaigh agus ar na fachtóirí a chuireann srian lenár gcumas ár gcion tairbhe a uasmhéadú. Toisc gurb í ár samhail maoinithe an príomhfachtóir, pléifimid í ar dtús sula rachfar i ngleic le roinnt saincheistanna eile.

Níl ár samhail maoinithe idéalach ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, mar a d'aithin an Painéal Athbhreithnithe Piaráí, tá samhail beagán casta againn. Is ionann sruth mór maoinithe amháin (deontas i gcabhair ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) agus thart ar 30 faoin gcéad dár n-ioncam. Mar sin féin, tagann 60 faoin gcéad dár n-ioncam ó thart ar ochtó sruth maoinithe – thart ar tríocha clár déthaobhacha le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus, ag aon am ar leith, thart ar caoga tionscadal aonair nó deontas taighde. Chun an cheist a léiriú níos mó, is féidir linn a lua ón Tuarascáil ar an Athbhreithniú Piaráí (béim curtha leis):



Tógann sé iarracht mhór agus go leor ama ó lucht bainistíochta sinsearach na hInstitiúide chun an líon suntasach sruthanna maoinithe éagsúla a bhainistiú (in éineacht leis na socrúithe rialachais a ghabhann leo) agus ag an am céanna caidreamh leanúnach a chinntiú idir an Institiúid agus na maoinitheoirí go léir, agus a sainriachtanais taighde féin acu ar fad. Ós rud é go dtagann an maoiniú seo ar fad nach mór ón státchiste, caithfidh an forchostas riaracháin iomlán do staid an struchtúir mhaoinithe sin a bheith suntasach freisin.

Tá deacracht eile lenár tsamhail maoinithe a bhaineann le héiginnteacht, agus tagann sé sin ó dhá fhoinsé. Ar an gcéad dul síos, cé go mbíonn an maoiniú dár gcláir thaighde ráthaithe ar feadh dhá nó trí bliana go hiondúil, d'fhéadfaí deireadh a chur le cuid dár gcláir ag am ar bith. Ar an dara dul síos, déantar leibhéal an deontais-i-gcabhair a chinneadh ar bhonn ad hoc gach bliain, agus cuireadh stop leis i dtéarmaí ainmniúla go rialta le blianta beaga anuas.

Is é an dúshlán deiridh a bhaineann lenár samhail maoinithe ná an céatadán réasúnta íseal den ioncam iomlán atá i gceist leis an gcroídeontas. Tá bunmhaoiniú ag go leor institiúidí incomparáide ar fud na hEorpa arb ionann é agus 50 faoin gcéad den ioncam iomlán nó níos mó, mar sin tá figiúr na hInstitiúide íseal ag 30 faoin gcéad agus cruthaíonn sé roinnt de na dúshláin a bhaineann le bainistiú na sruthanna maoinithe iolracha thuasluaite.

Chomh maith le saincheisteanna maoinithe, measaimid go gcuireann na fachtóirí seo a leanas isteach ar ár gcumas an tairbhe is mó is féidir a bhaint as ár rannchuidiú leis an bpróiseas ceaptha beartais.

- ▶ Cé gur láidreach atá i bhfairsinge chlár oibre taighde na hInstitiúide, thug an Painéal Athbhreithnithe Piaráí faoi deara 'i gcás ina bhfuil líon beag foirne laistigh de réimse

taighde ar leith á shíneadh thar éileamh méadaitheach (faoi cheannas maoinitheoirí), tá baol ann go bhfreastalófar ar an réimse seirbhísithe sin chun aimhleasa dhoimhneacht an tsaineolaí a fhorbairt'.

- ▶ Bhí iomaíocht shuntasach ann i gcónaí i gcomhair fhoireann na hInstitiúide ó ollscoileanna agus áiteanna eile, agus tá an scéal fós amhlaidh.

Agus cur síos á dhéanamh againn ar ár ndúshlán deiridh, tá sé úsáideach tagairt a dhéanamh don Tuarascáil ar an Athbhreithniú Piaráí arís:



Tá fíorchontúirt ann leis an tsamhail 'taighde i ndiaidh an mhaoinithe', [. . .] go gcuirfear isteach beagán ar chumas na hInstitiúide an clár oibre taighde a chinneadh. Cé gur féidir a fheiceáil go bhfuil sé sin mar bhonn agus taca ag ábharthacht an taighde [. . .], tá an baol ann go ndéanfar dochar do chlú na hInstitiúide ó thaobh neamhspleáchais de, agus dá cumas clár oibre taighde comhleanúnach agus tosaíochta a fhorbairt agus b'fhéidir nach bhfreastalóidh siad ar leasanna iomlána an stáit.

4

An comhthéacs seachtrach agus ár gclár oibre taighde

Sa chuid seo, leagaimid amach go hachomair agus ar leibhéal ard roinnt fachtóirí ar dócha go mbeidh tionchar acu ar chlár oibre taighde na hInstitiúide le linn Straitéis 2024-2028. Cé nach liosta cuimsitheach é, d'éascair na téamaí seo as an bplé a bhí mar bhonn agus thaca ag an bpróiseas straitéise.

Sula dtosóimid ag breathnú chun cinn, ba cheart dúinn a thabhairt faoi deara go bhfuil raon leathan saincheisteanna ann cheana féin a leanfaidh ESRI ag soláthar bonn fianaise le haghaidh gníomhaíocht beartais ina leith.

- ▶ Agus é seo á scríobh, b'fhéidir gurb í an ghéarchéim tithíochta an téama is mó sa phlé poiblí. Tá an soláthar tithíochta i bhfad faoi bhun na riachtanas measta. Tá go leor torthaí air sin, lena n-áirítear leibhéil arda cíosa, líon ard daoine gan dídean agus líon mór daoine fásta ag leanúint ar aghaidh ag maireachtáil lena dtuismitheoirí tar éis dóibh aoiseanna a bhaint amach a mbeifí ag súil le teaghlach nua a bhunú roimhe seo.
- ▶ Tá córas cúram sláinte na hÉireann fós faoi bhrú, mar is léir ó liostaí feithimh fada le haghaidh gnáthaimh othar cónaitheach agus measúnuithe áirithe, agus ón bplódú i ranna T&É freisin.
- ▶ Cé go bhfuil spriocanna uailmhianacha leagtha síos ag an rialtas chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, is ábhar díomá fós é an dul chun cinn i leith na spriocanna sin. D'aontódh formhór na ndaoine go mbeidh gá le hathruithe radacacha ar phatrúin tomhaltais, táirgeachta, taistil, etc., agus ar scála nach bhfacthas riamh cheana.
- ▶ Cosúil le gach tír Eorpach, tá daonra na hÉireann ag dul in aois, agus aithnítear go maith go mbeidh go leor iarmhairtí aige sin. Seachas na costais a bhaineann le daonra atá ag dul in aois a mhaolú, ba cheart go bhféachfadh beartas le hathdhearadh a dhéanamh ar go leor gnéithe den saol chun freastal ar riachtanais daonra níos sine. Ag féachaint ar phleanáil uirbeach mar shampla, bheadh sé go hiontach cúnamh a thabhairt do spásanna agus do phobail aoisbháúla, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an mbeartas aeráide.
- ▶ Ag fanacht le saincheisteanna déimeagrafacha, is cosúil go dtiocfaidh méadú ar inimirce go hÉirinn ar chúiseanna lena n-áirítear an t-athrú aeráide ar fud an domhain (toisc bhrú) agus aosú an daonra in Éirinn (toisc tarraingthe mar is gá dúinn ár bhfórsa saothair a mhéadú). Beidh sé rithabhachtach lánpháirtiú comhchuí agus rathúil na n-imirceach a áirithiú.

- ▶ Ar deireadh, tá traidisiún fada ag an Institiúid taighde a dhéanamh ar neamhionannais, agus is dócha go leanfaidh sé sin. Lenár gcuid oibre le déanaí, rinneadh torthaí éagothroma maidir le inscne, eitneachas agus stádas míchumais a mheas. Beidh neamhionannas a aithint agus a chainníochtú fós ina thasc tábhachtach, ach beidh fonn orainn freisin leanúint lenár dtaighde ar dhearadh agus cur chun feidhme beartais atá dírithe ar dhul i ngleic le neamhionannais.

Tá na saincheisteanna thuas mar chuid dár gclár oibre taighde reatha, ach measaimid go n-éireoidh na saincheisteanna seo a leanas níos suntasaí.

- ▶ Tá níos mó airde á díriú ar intleacht shaorga, agus ar go leor bealaí tá fócas an phlé cosúil le pléití roimhe seo faoi theicneolaíochtaí nua. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí an-chuid oibre a sheachaint agus bheadh tionchar dearfach aige sin ar an táirgiúlacht. Ar an lámh eile, cuireann teicneolaíocht dua-sheachanta imní ar an bhfórsa saothair faoi chailliúint post. Ar bhonn níos leithne, cuireann teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear intleacht shaorga, go leor féidearthachtaí dearfacha ar fáil, ach is cúis imní iad freisin i ndáil le húsáidí urchóideacha. Ó thaobh taighde de, beidh gá le tuiscint a fháil ar na himpleachtaí a bhaineann le hintleacht shaorga thar gach gné: eacnamaíoch agus sóisialta, maith agus olc. Agus beidh gá freisin measúnú a dhéanamh ar conas is féidir le hintleacht shaorga cabhrú leis an bpróiseas taighde. Mar shampla, b'fhéidir go gcabhróidh an intleacht shaorga le réamhaisnéis eacnamaíoch trí úsáid a bhaint as méideanna ollmhóra de na sonraí is déanaí agus trí bhuaicphointí a aithint go luath.

- ▶ Seachas an intleacht shaorga, is cosúil go dtiocfaidh méadú ar thábhacht teicneolaíochtaí eile, tá an t-aistriú digiteach os ár gcomhair amach agus beidh orainn dul in oiriúint dó. Mar aon leis an aistriú digiteach, is cosúil go bhfeicimid aistriú glas, agus, ar ndóigh, d'fhéadfadh sé a bheith tubaisteach mura mbainfear é sin amach freisin. Beidh gá le hinfheistíocht mhór don dá aistriú sin – i gcaipiteal fisiceach agus daonna agus i dtaighde agus forbairt freisin. Beidh gá le hathruithe ar go leor cleachtas freisin, i réimse na hoibre agus réimse na fóillíochta araon.
- ▶ Tarlóidh athruithe sa teicneolaíocht agus freagairt an domhain ar an athrú aeráide laistigh de chomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú freisin. I mí Feabhra 2022, croitheadh an Eoraip le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Mar thoradh ar an ionradh chuaigh an Fhionlainn isteach in ECAT agus, mar sin, tháinig laghdú ar líon na mball neamh-ailínithe den AE. Is bagairtí níos nuaí iad cibirionsaithe agus úsáid na meán sóisialta ag stáit áirithe chun an bonn a bhaint de phróisis dhaonlathacha. Ní léir fós na himpleachtaí iomlána d'Éirinn. Mar gheilleagar an-domhandaithe, ní mór d'Éirinn a bheith feasach go hiomlán ar an gcomhthéacs seo agus airdeall air. Ní réimse de shaineolas na hInstitiúide í an gheopholaitíocht, ach ní mór dúinn feasacht agus tuiscint a bheith againn uirthi chun eolas a sholáthar dár gcuid taighde.
- ▶ Forbairt idirnáisiúnta eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'Éirinn is ea an ghluaiseacht mhéadaithe i dtreo neamhspleáchas straitéiseach, agus rinne SAM agus an tAontas Eorpach araon a slabhraí soláthair a neartú agus iomaíocht sheachtrach a laghdú dá réir. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith aige sin ar mhúnla eacnamaíoch na hÉireann, atá bunaithe ar mhúnla trádála domhanda oscailte.



Fís, misean, spríocanna agus luachanna



Fís

A bheith ina hinstiúid taighde den scoth a thacaíonn le hÉirinn níos cuimsithí, níos rathúla, níos inbhuanaithe agus níos dícharbónaithe a bhaint amach.

Misean

Fianaise a sholáthar a bheidh mar bhonn eolais do cheapadh beartais agus do dhíospóireacht phoiblí.



Spriocanna

- Sármhaitheas Taighde
- Cumarsáid éifeachtach
- Clár oibre taighde cuimsitheach
- Rannpháirtíocht fhiúntach, eiticíúil

Neamhspleáchas,
oibiachtúlacht
Ionracas
Comhionannas,
éagsúlacht, cuimsiú,
meas
Inbhuanaitheacht

Luachanna





Ár n-uaimhian maidir le soláthar ar son na tíre

Agus ár misean á leagan síos againn maidir le fianaise a sholáthar chun eolas a chur ar fáil le haghaidh ceapadh beartais agus do dhíospóireacht phoiblí, táimid feasach ar an bhfreagracht atá orainn ár gcuid oibre a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde is féidir. Freastalaímid ar shaoránaigh na hÉireann trína chinntiú go n-aithníonn agus go dtomhaiseann an taighde a dhéanaimid próisis eacnamaíocha agus shóisialta go cruinn. Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais gur féidir lucht déanta beartas a chur amú le taighde atá ar dhroch-caighdeán agus nach bhfuil dian go leor. I gcodarsnacht leis sin, cuireann taighde ar ardchaighdeán bonn láidir ar fáil do lucht ceaptha beartas chun beartas a chruthú atá chun tairbhe gach duine.

Sula dtabharfar breac-chuntas ar an gcaoi a ndéanfaimid nuálaíocht inár gcuid oibre, tá sé tábhachtach go ngeallaimid go leanfaimid orainn de líon mór taighde ardchaighdeán a bhaineann le beartas a sholáthar agus é a scaipeadh go héifeachtach. Cuid lárnach de sin is ea cloí go leanúnach lenár bpróisis rialaithe cáilíochta, áit a ndéantar athbhreithniú piaraí ar aschur uile na hInstitiúide, agus iarrtar ar athbhreithneoirí seachtracha formhór na dtuarascálacha agus na bpáipéar a mheasúnú. Ar an gcaoi chéanna, ní mór dúinn cultúr inmheánach a chothú ina spreagaimid ár dtaighdeoirí taighde a chéile a cheistiú go measúil ach go láidir agus ina gcuirimid fáilte roimh dhearcthaí éagsúla.

Beimid tiomanta freisin d'fheabhsú agus do nuálaíocht mar seo a leanas.

- ▶ Léiríodh imní sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú Piaráí faoin gcaoi a bhféadfadh 'easpa tosaíochta foriomlán' i leith riachtanais taighde náisiúnta a bheith ina thoradh ar na sruthanna maoinithe éagsúla. Cinnteoidimid go bhfuil tosaíochtaí taighde náisiúnta á n-aithint ar na bealaí seo a leanas:
 - ▷ Trí choiste inmheánach a bhunú ar thosaíochtaí taighde lena leathnófar ról na hInstitiúide maidir leis an gclár oibre taighde náisiúnta a chinneadh.
 - ▷ Trí phainéal comhairleach idirnáisiúnta a bhunú chun breathnú ar ár gclár oibre taighde agus ar cháilíocht an taighde araon. (Beidh sé mar chuid de ról an phainéil seo a chinntiú go ndéanfar obair na hInstitiúide a thagarmharcáil go leanúnach i gcoinne na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde ó thaobh cáilíochta taighde agus tionchar beartais de.)
 - ▷ Trí dhul i ngleic le páirtithe leasmhara seachtracha laistigh agus lasmuigh den earnáil phoiblí maidir le ceisteanna i leith tosaíochtaí taighde náisiúnta. (Sa chomhthéacs sin, iarrfar rannpháirtíocht níos treise leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.)

- ▶ Tar éis dúinn ár n-iarrachtaí a mhéadú chun tosaíochtaí taighde náisiúnta a aithint trí mhachnamh inmheánach agus seachtrach níos fearr, beidh sé mar aidhm againn tabhairt faoin taighde lena mbaineann. Go hidéalach, dhéanfaí é seo a éascú trí dheontas i gcabhair níos mó.
- ▶ Arís ag léiriú tuairimí a thuairiscigh an Painéal Athbhreithnithe Piaráí dúinn, déanfaimid cleachtaí fadbhreathnaitheacha tréimhsiúla ina bpléifimid dúshláin atá ag teacht chun cinn, ag tarraingt ar shaineolas ar fud na hInstitiúide. Cuirfear tús leis an gcéad chleachtadh dá leithéid go luath in 2024 nuair a chuirfear ionchas eacnamaíoch ar fáil, lena n-áirítear réamhaisnéisí meántéarmacha.
- ▶ Déanfaimid infheistíocht inár bhfoireann agus cuirfimid deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil, mar aon le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht níos mó leis an bpobal eolaíoch idirnáisiúnta. Mar a thug an Painéal Athbhreithnithe Piaráí faoi deara, 'is beag maoiniú AE/idirnáisiúnta a thugtar d'obair ESRI, a bhaineann go páirteach le castacht agus le héilimh ama na bpróiseas iarratais'. Tabharfaimid aghaidh air sin trí é a chur ar chumas na foirne páirt a ghlacadh i líonraí taighde Eorpacha agus i dtairiscintí agus i dtionscadail Horizon Europe.
- ▶ Cinnteoidimid go mbeidh na hacmhainní cuí ag samhlacha a mbaineann tábhacht náisiúnta leo cosúil le COSMO, SWITCH, I3E agus Hippocrates agus go laghdófar na 'príomhrioscaí foirne' trí fhoirne a chruthú a bhfuil na scileanna riachtanacha acu.
- ▶ Ní mór an ceangal idir ár dtaighde agus na himpleachtaí beartais a choinneáil ar bun, ach méadóimid an fócas ar mheasúnú beartais inár gclár oibre iomlán.



Tá sraith uileghabhálach spriocanna againn lena chinntiú go bhfanfaidh an Institiúid ina eagraíocht lúfar agus inoiriúnaithe a bheidh in ann freagairt go tapa do riachtanais taighde athraitheacha na hÉireann.

- ▶ Is príomhláidreacht de chuid na hInstitiúide é go bhfuil saineolaithe idirnáisiúnta ar raon leathan topaicí inár bhfoireann againn. Os rud é go mbíonn ionchur ó roinnt réimsí taighde ag teastáil le haghaidh go leor dúshlán beartais atá ann faoi láthair, ní mór don Institiúid tarraingt níos mó ar an raon leathan saineolais chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna casta. Seo a leanas samplaí de na cineálacha dúshlán beartais atá aitheanta againn:
 - ▷ tithíocht agus pleanáil le haghaidh seirbhísí ar nós sláinte agus oideachais;
 - ▷ lánpháirtiú rathúil imirceach tríd an margadh saothair, an córas oideachais, go cultúrtha agus go polaitiúil;
 - ▷ oideachas, scileanna agus fás eacnamaíoch;
 - ▷ leanaí, oideachas agus cuimsiú sóisialta;
 - ▷ pinsin, folláine airgeadais agus eolaíochtaí iompraíochta.

- ▶ Cinnteimid go mbeidh ár modhanna taighde ag teacht le cleachtas nua-aimseartha, go páirteach trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar shamhlacha taighde rannpháirtíochta, agus leas á bhaint as ár dtaithe le leanaí agus daoine faoi mhíchumas.
- ▶ Cuirfimid ‘malartú eolais’ i gcoilár ár gcuid oibre. Áireofar leis sin malartuithe foirne idir an Institiúid agus ranna rialtais, ár gcomhchlár máistreacht le Coláiste na Tríonóide agus méadú ar an gcaidreamh le foirne bainistíochta ranna. Faoi láthair, tá rannpháirtíocht mhaith againn ar fud ranna rialtais mar thoradh ar na coistí stiúrtha a dhéanann maoirseacht ar ár gclár taighde, ach ní mór dúinn a chinntiú go dtéann ár gcuid oibre i luí ar an smaoineoireacht ar na leibhéil is airde laistigh de na ranna.
- ▶ Cuirfimid leis an leathnú a rinneadh le déanaí ar ár gcuid oibre ar Thuaisceart Éireann agus ar an ngeilleagar uile-oileáin, lena n-áirítear naisc níos láidre a fhorbairt le comhoibrithe agus páirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann.
- ▶ Méadóimid fairsinge agus inrochtaineacht ár n-aschur taighde trí theicnící cumarsáide agus scaipthe nuálacha den scoth a úsáid go leanúnach. Tá dul chun cinn mór déanta againn maidir leis sin le blianta beaga anuas, mar shampla, trí úsáid a bhaint as bealaí meán sóisialta, grafaic faisnéise agus modhanna eile, ach is dúshlán é seo atá ag síorathrú.
- ▶ Leanfaimid freisin ag cur eolas ar fáil do dhíospóireacht phoiblí trí na meáin thraidisiúnta, mar shampla, trí thaighdeoirí ag glacadh páirt i bplé raidió agus teilifíse agus trí chinntiú go gcuirtear fianaise i láthair.
- ▶ Tabharfaimid aghaidh ar na dúshlána a bhaineann le taighdeoirí den scoth a fhostú i réimsí áirithe trí chaidrimh níos fadtéarmaí a fhorbairt le taighdeoirí luathghairme. Go stairiúil, choinnigh an Institiúid naisc le taighdeoirí sóisearacha trí chlár comhaltachta a rinne staidéir Ph.D. a mhaoiniú i bpáirt. Féachaimid ar an tsamhail sin arís anois.
- ▶ Déanfaimid infheistíocht inár mbonneagar TF chun a chinntiú go bhfuil sé úrscothach, go háirithe maidir le cibearshláidáil.

- ▶ Déanfaimid infheistíocht i gcórais faisnéis bainistíochta chun ár gcuntais, ár mbainistíocht tionscadal agus ár bpróisis acmhainní daonna a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.
- ▶ Leanfaimid d'fholláine ár bhfoirne a chinntiú trí chlár cuimsitheach sláinte, sábháilteachta agus leasa a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint rialta faoi shábháilteacht agus tionscnaimh lena gcuirtear cothromaíocht oibre is saoil chun cinn.
- ▶ Agus obair hibrídeach ar siúl, leanfaimid orainn ag forbairt bealaí chun ár gcultúr comhghleacaíochta, meantóireachta agus rannpháirtíocht chuiditheach le hobair a chéile a chothú. In 2022, de réir mar a bhí deireadh á chur leis na srianta i ndáil le COVID-19, chuireamar tús le clár comhdhálacha inmheánacha inar tháinig an fhoireann go léir le chéile ar bhonn rialta. D'éirigh linn caidreamh a choinneáil ar bun ar an gcaoi sin, agus caithfimid tuilleadh forbartha a dhéanamh air sin.
- ▶ I gcomhthéacs ár riachtanais chóiríochta a athmheasúnú tar éis COVID-19, cinnteoidim go dtacóidh ár gcóiríocht oifige lenár gcultúr agus ár spriocanna, lena n-áirítear sármhaitheas taighde, rannpháirtíocht tras-Institiúide agus inbhuanaitheacht.
- ▶ Déanfaimid athbhreithniú ar ár gcreat eitice chun a chinntiú go bhfuil sé go hiomlán cothrom le dáta ó thaobh cleachtas nuaimseartha de agus go bhfuil sé cuimsitheach maidir le conas a roghnaímid ár dtopaicí staidéir, conas a dhéanaimid taighde agus conas a scaipimid na torthaí.
- ▶ Forbróimid an méid a thairgfimid do bhaill chorparáideacha agus Pátrúin Whitaker d'fhonn na baill reatha a choinneáil agus níos mó ball a mhealladh, trí bhraistint rannpháirtíochta leis an Institiúid a chothú agus ár neamhspleáchas agus ár n-oibiachtúlacht a choinneáil ag an am céanna.

Ag féachaint go háirithe ar ghníomhaíochtaí ar féidir a mheas go bhfuil siad ag teacht go cruinn leis an gclár oibre comhshaoil, sóisialta, rialachais (CSR), táimid tiomanta do na nithe seo a leanas:

- ▶ **Comhshaoil:** Cuireann ár dtaighde ar cheisteanna ar nós na haeráide agus cúrsaí fuinnimh go mór leis an réimse seo, ach déanfaimid ár ndícheall freisin na caighdeáin is airde a bhaint amach i dtéarmaí úsáid fuinnimh, giniúint dramhaíola agus foinsí eile a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaoil.
- ▶ **Sóisialta:** Déanfaimid tuilleadh iarrachtaí chun éagsúlacht ár bhfoirne a fheabhsú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi phróiseas creidiúnaithe Athena Swan, agus coinneoidim an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú a cruthaíodh faoin bpróiseas sin. Sa chomhthéacs thuasluaite maidir le tosaíochtaí taighde náisiúnta a shainiú, rachaimid i dteagmháil freisin lenár mbonn leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eile, chun a chinntiú go mbeidh ár gclár oibre taighde bunaithe ar raon leathan tuairimí.
- ▶ **Rialachas:** Leanfaimid ag cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus le treoirlínte eile san earnáil phoiblí, chun na leibhéil is airde de rialachas eiticéil agus éifeachtach a chinntiú. Cinnteoidim trédhearcacht agus cuntasacht trí thuairisciú rialta ar chleachtais rialachais chorparáidigh, agus leanfaimid le córais láidre bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm.

Tá sraith uileghabhálach spriocanna againn lena chinntiú go bhfanfaidh an Institiúid ina eagraíocht lúfar agus inoiriúnaithe a bheidh in ann freagairt go tapa do riachtanais taighde athraitheacha na hÉireann. Ní féidir linn a rá go cinnte cad iad na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna blianta amach romhainn. Mar sin féin, is féidir linn dul i mbun cleachtaí faire na fáistine ar bhonn leanúnach, cultúr a choinneáil a thugann tosaíocht do thaighde i réimsí ríthábhachtacha agus infheistíocht a dhéanamh i dtacair scileanna ionas go mbeidh ár dtaighdeoirí in ann taighde léargasach a dhéanamh ar na topaicí a thioctaidh chun cinn.



Conclúid

Cosúil le gach ráiteas straitéise, is é an baol is mó dá rathúlacht ná teip an straitéis a chur chun feidhme. Chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfean an straitéis chun feidhme, forbróidh foireann bainistíochta na hInstitiúide plean gníomhaíochta um chur chun feidhme straitéiseach inmheánach, ina gcuimseofar céimeanna inghníomhaithe sainaitheanta, cuntasacht agus úinéireacht atá sainithe go soiléir i leith gach gníomhaíochta, na hacmhainní a theastaíonn agus an t-amlíne. Cinnteoidh an fhoireann bainistíochta go mbunófar méadrachtaí feidhmíochta oiriúnacha chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

Déanfaidh Comhairle na hInstitiúide maoirsiú ar chur chun feidhme na straitéise thar an tréimhse cúig bliana. Bainfean é sin amach trí thuarascálacha mionsonraithe leathbhliantúla chuig an gCoiste Gnó agus Oibríochtaí, ar fochoiste den Chomhairle é, a ndéanfaidh an Chomhairle forbheathnú ardleibhéil orthu. Déanfar athbhreithniú meántéarmach ar an straitéis agus ar a cur i bhfeidhm in 2026, nuair a bheidh stiúthóir nua i bhfeidhm ar feadh sé mhí. Déanfaidh an t-athbhreithniú eatramhach seo measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí straitéiseacha agus déanfaidh sé an straitéis a oiriúnú, más gá, lena chinntiú go bhfuil sí ábhartha.

I ndomhan casta atá ag athrú go tapa, tá institiúid taighde den scoth ag teastáil in Éirinn, cosúil le gach tír, chun eolas agus tuiscint a spreagadh. Is leis an eolas sin amháin a fhéadfaidh lucht ceaptha beartais na torthaí is fearr a bhaint amach dá saoránaigh. Tá an Institiúid an-bhródúil as an ról atá aige in Éirinn chun eolas agus tuiscint lucht ceaptha beartais a fheabhsú. Trí bhíthin na straitéise seo, táimid tiomanta dár saineolas taighde a choinneáil agus a fhorbairt agus do chomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun tairbhe gach duine a chónaíonn in Éirinn.

Pátrúin Whitaker agus Bail Chorparáideacha

PÁTRÚIN WHITAKER NA HINSTITIÚIDE TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

Davy
EirGrid plc
Bord Soláthair an Leictreachais (BSL)
Google Ireland Ltd

ICON plc
Intel Ireland Ltd
Kingspan Holdings Ireland
Microsoft Ireland

BAILL CHORPARÁIDEACHA NA HINSTITIÚIDE TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

AbbVie Ireland
Grúpa Bia ABP
Aer Lingus
Bainc-Aontas Éireann c.p.t.
An Garda Síochána
An Post
Becton Dickinson
BORD BIA
Bord Gáis Energy Ltd
Bus Éireann
Banc Ceannais na hÉireann
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Comhairle Cathrach Chorcaí
Comhairle Contae Chorcaí
daa plc
Datalex
DCC plc
Deloitte Ireland LLP
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
An Roinn Cosanta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
An Roinn Iompair
Bus Bhaile Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Fiontraíocht Éireann
Fáilte Ireland
FBD Insurance
Greencoat Renewables plc

An tÚdarás um Ard-Oideachas Iarnród Éireann
IBEC
IDA Ireland
Intertradelreland
Grúpa Irish Life
Comhairle Contae Chiarraí
KPMG Ireland
Comhairle Contae Luimnigh
Comhairle Contae Lú
M Kelliher 1998 Ltd
Malin plc
Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae
Matheson LLP
Mazars Ireland Ltd
Comhairle Contae na Mí
Grúpa Musgrave
An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Norbrook Laboratories Limited
Grúpa OHM
Portwest UC
Pricewaterhousecoopers Ireland
Ryanair DAC
CSTGT
Grúpa Sisk
Tesco Ireland
Institiúid Baincírí na hÉireann (IOB)
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Uisce Éireann





**Cearnóg Whitaker,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2
Teileafón +353 1 863 2000
Ríomhphost admin@esri.ie
Suíomh Gréasáin www.esri.ie
Twitter [@ESRIDublin](https://twitter.com/ESRIDublin)**